Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13060/26**

**ENV 1059**
**ENT 218**
**MI 869**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 470 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar a leagtar amach i gCodanna B agus C d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 470 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 470 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.9.2026
COM(2026) 470 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar a leagtar amach i gCodanna B agus C d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542**

## 1. RÉAMHRÁ

Tá ceallraí ar cheann de na príomhchumasóirí lenar féidir forbairt inbhuanaithe, soghluaisteacht ghlas, fuinneamh glan agus aeráidneodracht a bhaint amach. An Rialachán maidir le Ceallraí agus Ceallraí Dramhaíola[1] (Rialachán (AE) 2023/1542 nó an Rialachán maidir le Ceallraí), thug sé isteach creat rialála comhchuibhithe le haghaidh shaolré iomlán na gceallraí a chuirtear ar an margadh san Aontas. Áirítear air sin ceanglais maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar ó cheallraí dramhaíola.

Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas amhábhar príomhúil agus chun a spleáchas ar thíortha nach Ballstáit den Aontas iad le haghaidh soláthairtí criticiúla a laghdú, ní mór don Aontas a uathriail straitéiseach a neartú, lena n-áirítear trí gheilleagar níos ciorclaí a fhorbairt. Cuirtear i dtábhacht i dtuarascálacha Letta[2] agus Draghi[3] agus sa Chompás Iomaíochais[4] ról na ciorclaíochta maidir leis an nuálaíocht agus an athléimneacht a chur chun cinn.

I bplean gníomhaíochta RESourceEU[5], áirítear ceallraí agus a n-amhábhair i measc na slabhraí luacha ar gá díriú orthu láithreach chun borradh a chur faoi thionscal an Aontais agus chun tacú leis an iomaíochas, leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus leis an ullmhacht cosanta.

Na spriocanna maidir le ceallraí dramhaíola a athchúrsáil agus a n-ábhair a aisghabháil, luaitear in Airteagal 71 iad agus leagtar amach iad in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán maidir le Ceallraí. Tagann méadú ar na spriocanna sin le himeacht ama, rud a chuireann go príomha le geilleagar níos ciorclaí agus, ar an gcaoi sin, a mhéadaíonn infhaighteacht amhábhar criticiúil do gheilleagar an Aontais. Tacaíonn siad freisin leis an iomaíochas tionsclaíoch agus spreagann siad an nuálaíocht.

Faoi Airteagal 71(5) den Rialachán maidir le Ceallraí, faoin 18 Lúnasa 2026 agus gach 5 bliana ar a laghad tar éis an dáta sin, ní mór don Choimisiún measúnú ar dhéanamh maidir lena iomchuí atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

- forbairtí margaidh, go háirithe athruithe ar theicneolaíochtaí ceallraí a dhéanann difear do na cineálacha ábhair a aisghabhtar;

---

[1] Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE.

[2] Letta, E., '*Much more than a market – Speed, Security, Solidarity. Empowering the Single Market to deliver a sustainable future and prosperity for all EU Citizens*' [Margadh Thar an gCoitiantacht – Luas, Slándáil, Dlúthpháirtíocht. An Margadh Aonair a chumhachtú chun todhchaí inbhuanaithe agus rathúnas inbhuanaithe a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais], 2024, https://www.consilium.europa.eu/media/ny3j24sm/much-more-than-a-market-report-by-enrico-letta.pdf.

[3] Draghi, M. 'Todhchaí iomaíochas na hEorpa', 2024, https://doi.org/10.2872/1823372.

[4] COM(2025) 30 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún

[5] COM 945, 2025. Plean Gníomhaíochta RESourceEU lena gcuirtear dlús lenár straitéis maidir le hamhábhair chriticiúla chun oiriúnú do réaltacht nua.

- infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta cóbailt, copair, luaidhe, litiam agus nicile, nó aon easpa díobh sin;
- dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

I gcás ina bhfuil údar leis agus i gcás inarb iomchuí, ach sin a bheith bunaithe ar an measúnú sin, féadfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 89 de Rialachán (AE) 2023/1542 chun na spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar a leagtar amach i gCodanna B agus C d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542 a leasú.

Cé go gcumhdaítear leis an measúnú sin éifeachtúlacht athchúrsála le haghaidh gach ceimic ceallraí agus aisghabháil na n-ábhar uile atá faoi réir ceanglais aisghabhála, tá sé dírithe go háirithe ar cheallraí litiam, i bhfianaise na bhforbairtí margaidh a rinneadh le déanaí agus na dteicneolaíochtaí atá ag athrú go tapa sa réimse sin.

## 2. CÚLRA

Leagtar síos na spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar i gCodanna B agus C d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542 mar a achoimrítear thíos.

- Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025, ní mór na spriocanna éifeachtúlachta athchúrsála seo a leanas ar a laghad a bheith bainte amach ag an athchúrsáil, de réir meánmheáchain: 75 % i gcás ceallraí luaidhe-aigéadacha, 65 % i gcás ceallraí litiam, 80 % i gcás ceallraí nicile-caidmiam agus 50 % i gcás ceallraí dramhaíola eile.
- Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2030, ní mór na spriocanna éifeachtúlachta athchúrsála seo a leanas ar a laghad a bheith bainte amach ag an athchúrsáil, de réir meánmheáchain: 80 % i gcás ceallraí luaidhe-aigéadacha agus 70 % i gcás ceallraí litiam.
- Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2027, leis an athchúrsáil uile, ní mór na spriocanna seo a leanas maidir le haisghabháil ábhar a bheith bainte amach, ar a laghad: 90 % i gcás cóbailt, copair, luaidhe agus nicile agus 50 % i gcás litiam.
- Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2031, leis an athchúrsáil uile, ní mór na spriocanna seo a leanas maidir le haisghabháil ábhar a bheith bainte amach, ar a laghad: 95 % i gcás cóbailt, copair, luaidhe agus nicile agus 80 % i gcás litiam.

Cumhdaítear leis an measúnú gach ceimic ceallraí, lena n-áirítear ceallraí luaidhe-aigéadacha agus ceallraí nicile-caidmiam. Cumhdaítear leis freisin na príomhcheimicí, de réir sciar den mhargadh, sa ghrúpa ceallraí 'eile', lena n-áirítear ceallraí alcaileacha-sailíne agus ceallraí hidríde miotail nicile.

Tá ceallraí litiam aicmithe anois mar cheimic ar leith faoin Rialachán maidir le Ceallraí, ach faoi Threoir 2006/66 (CE)[6] a aisghaireadh, rinneadh iad a aicmiú mar 'cheallraí dramhaíola

[6] Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola, agus lena leasaítear Treoir 91/157/CEE (IO L 266, 26.9.2006, lch. 1).

eile'. Áirítear sa chatagóir 'ceimic litiam' ceallraí a bhfuil leibhéil éagsúla in-athchúrsáilteachta acu, ag brath ar a gcomhdhéanamh (e.g. cion ard nó íseal amhábhar luachmhar) agus ar a méid (e.g. ar leibhéal an phacáiste nó na cille).

Cuireadh na difríochtaí sin san áireamh sa mhodheolaíocht chun na rátaí éifeachtúlachta athchúrsála agus aisghabhála ábhar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/606 a ríomh agus a fhíorú[7]. Leis an modheolaíocht sin, soláthraítear leibhéal iomchuí solúbthachta sna rialacha ríofa trí áireamh substaintí áirithe, amhail iarann, fosfar agus graifít, a dhéanamh roghnach go dtí deireadh 2029. Cuidíonn sé sin lena áirithiú gur féidir na spriocanna a bhaint amach. Ní mór an mhodheolaíocht ríofa sin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na spriocanna, ós rud é go mbaintear cothromaíocht amach léi idir uaillmhian agus solúbthacht chun staid reatha na hathchúrsála ceallraí dramhaíola san Aontas agus an treo taistil atá beartaithe a léiriú.

Fuair an measúnú tacaíocht ó mheasúnú teicniúil a rinne Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh (JRC)[8].

I mí Mheán Fómhair 2025, sheol JRC suirbhé uile-Aontais chun sonraí a bhailiú, lenar díríodh ar raon leathan comhlachas ceallraí, ar pháirtithe leasmhara tionscail a bhfuil baint acu le bainistiú ceallraí dramhaíola (e.g. athchúrsálaithe, scagairí), ar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ar shaineolaithe neamhspleácha. Chumhdaigh na rannpháirtithe gach ceimic ceallraí ábhartha - i.e. ceallraí luaidhe-aigéadacha, ceallraí litiam, ceallraí nicile-caidmiam agus ceallraí eile - agus gach catagóir ceallraí - i.e. ceallraí inaistrithe, ceallraí modhanna éadroma iompair, ceallraí feithiclí leictreacha, ceallraí tionsclaíocha, agus ceallraí dúisithe, soilsithe agus adhainte (DSA).

Tháinig an chuid is mó de rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ó thionscal na gceallraí litiam. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i bpáirt mar gheall ar cheallraí litiam a bheith aicmithe as an nua mar cheimic ar leith faoin Rialachán maidir le Ceallraí, ina bhfuil spriocanna nua sonracha maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar. D'fhéadfadh sé a bheith ina léiriú freisin ar an leathnú suntasach a rinneadh le déanaí ar thionscal na gceallraí litiam agus ar an tionscal athchúrsála gaolmhar agus ar an nuálaíocht sna tionscail sin. Soláthraíodh an chuid is mó de na sonraí a chuir an tionscal faoi bhráid JRC faoi rún. Ag ceardlann le páirtithe leasmhara de chuid JRC i mí Eanáir 2026, d'iarr JRC go sonrach ar shaineolaithe maidir le ceallraí luaidhe-aigéadacha, ceallraí nicile-caidmiam agus ceallraí eile barúil a thabhairt ar a thorthaí agus ar a mholtaí a bhaineann lena réimsí sonracha saineolais.

Chun freagairtí na bpáirtithe leasmhara ar shuirbhé an Aontais a chomhlánú, rinne JRC anailís ar éifeachtúlacht athchúrsála insroichte trí sholáthar agus éileamh amhábhar ceallraí a shamhaltú[9].

[7]Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/606 ón gCoimisiún an 21 Márta 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tríd an modheolaíocht a bhunú chun rátaí éifeachtúlachta athchúrsála agus aisghabhála ábhar ó cheallraí dramhaíola a ríomh agus a fhíorú, agus formáid na doiciméadachta a bhunú.

[8]Measúnú teicniúil JRC i ndáil le hAirteagal 71(5) den Rialachán maidir le Ceallraí, 2026.

[9]Measúnú teicniúil JRC i ndáil le hAirteagal 71(5) den Rialachán maidir le Ceallraí, 2026.

Rinneadh anailís chomhpháirteach ansin trí úsáid a bhaint as sonraí na bpáirtithe leasmhara agus as na sonraí a díorthaíodh ó shamhaltú JRC. Cuireadh torthaí na hanailíse comhpháirtí sin i láthair le linn na ceardlainne le páirtithe leasmhara de chuid JRC i mí Eanáir 2026 chun aiseolas a fháil. Cuireadh an t-aiseolas agus na conclúidí deiridh ó chomhairliúchán na bpáirtithe leasmhara a rinne JRC san áireamh sa tuarascáil seo.

Chuir cuid mhór páirtithe leasmhara in iúl ina n-aiseolas do JRC gur mheas siad go raibh an measúnú sin ar na spriocanna róluath. Chuir siad in iúl go raibh aga moille idir an chéad mheasúnú sin agus an chéad tuairisciú sonraí ó athchúrsálaithe chuig na húdaráis inniúla faoi lár 2027, agus tuairisciú ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin faoi lár 2028 (faoi Airteagail 75(7) agus 76(1) de Rialachán (AE) 2023/1542).

Thionóil an Grúpa Saineolaithe um Dhramhaíl (Ceallraí) cruinnithe i ndiaidh a chéile an 22 Bealtaine 2026 – cruinniú amháin le páirtithe leasmhara seachtracha agus cruinniú eile leis na Ballstáit amháin. D'fhéadfaí aiseolas i scríbhinn a chur isteach go dtí an 19 Meitheamh 2026. Ní dhearnadh aon iarraidh conclúidí na tuarascála a athrú.

## 3. Measúnú ar spriocanna éifeachtúlachta athchúrsála i gCuid B d'Iarscríbhinn XII

### 3.1 Ionchur na bpáirtithe leasmhara maidir le spriocanna éifeachtúlachta athchúrsála

Tugadh le fios san aiseolas ó pháirtithe leasmhara go measann an tionscal athchúrsála go bhfuil na spriocanna éifeachtúlachta athchúrsála le haghaidh ceallraí litiam do 2025 agus, go háirithe, do 2030 dúshlánach agus, i gcásanna sonracha, nach féidir iad a bhaint amach fiú. Ní luach uimhriúil na spriocanna ann féin is cúis leis sin, ach an chaoi a ndéantar na spriocanna a struchtúrú. Leis na spriocanna éifeachtúlachta athchúrsála le haghaidh ceallraí litiam, grúpáiltear le chéile ceallraí a bhféadfaí cóireáil éagsúil a dhéanamh orthu mar gheall ar a méid (e.g. ceallraí inaistrithe vs ceallraí feithiclí leictreacha), a bhfeidhmiúlacht (ceallraí in-athluchtaithe vs ceallraí neamh-in-athluchtaithe) agus a gceimic (e.g. ceallra nicile-mangainéise-cóbailt, atá saibhir in ábhair ardluacha, vs ceallraí fosfáite iarainn litiam, atá cuibheasach bocht in ábhair ardluacha). Ní bhíonn na torthaí céanna ar na ceallraí sin nuair a dhéantar iad a athchúrsáil[10].

Tagann fadhbanna comhchosúla chun cinn nuair a dhéantar comparáid idir catagóirí ceallraí éagsúla. Go sonrach, is féidir le pacáistí ceallraí feithiclí leictreacha éifeachtúlacht athchúrsála níos airde a bhaint amach ná ceallraí inaistrithe. Le pacáistí ceallraí feithiclí leictreacha, is féidir cuid shuntasach den cheallra (e.g. an chásáil) a aisghabháil gan ach fíorbheagán caillteanas, rud a fhágann nach bhfuil aon chaillteanas ó chóireáil na gceallraí chomh suntasach céanna ar bhonn comhréireach. Ní hamhlaidh atá i gcás ceallraí inaistrithe, nach mbíonn iontu go minic

[10] Orefice, M., Manni, F.M., Pierri, E., Bobba, S., Gaudillat, P., Vaccari, M., Mathieux, F., 2024. Moltaí teicniúla maidir leis na rialacha chun rátaí éifeachtúlachta athchúrsála agus aisghabhála ábhar ó cheallraí dramhaíola a ríomh agus a fhíorú. https://doi.org/10.2760/9393862.

ach cill amháin nó nach mbíonn ach beagán cásála orthu, rud a fhágann go mbíonn caillteanais ó chóireáil cille níos suntasaí ar bhonn comhréireach.

Leis an modheolaíocht ríofa a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/606 ón gCoimisiún[11], tugtar aghaidh ar an neamhréireacht sin tríd an rogha a thabhairt d'athchúrsálaithe, go dtí deireadh 2029, ábhair áirithe nach n-aisghabhtar go coitianta faoi láthair a áireamh ina ríomhanna. Leis an gcur chuige sin, is féidir le hathchúrsálaithe ríomh na rátaí éifeachtúlachta athchúrsála a choigeartú de réir na gcodán ionchuir a phróiseálann siad agus rialacha ríofa comhchuibhithe á gcoinneáil ar bun an tráth céanna maidir le gach cineál ceallra – lena n-áirítear ceallraí litiam, d'ainneoin comhdhéanamh ilchineálach ceallraí litiam éagsúla.

Deimhnítear in anailís JRC go bhfuil an mhodheolaíocht i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/606 láidir agus go dtugann sí an tsolúbthacht is gá d'athchúrsálaithe chun iad féin a chur in oiriúint do na spriocanna[12].

Luaigh roinnt páirtithe leasmhara freisin go bhféadfadh sé nach gcumhdófaí go leordhóthanach leis na spriocanna roinnt ceimicí ceallraí atá ag teacht chun cinn, amhail ceallraí soladstaide. I gcás ceallraí den sórt sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair an sprioc éifeachtúlachta athchúrsála le haghaidh ceallraí litiam a bhaint amach. Mar sin féin, ní dhearnadh aon mholadh sonrach ná aon sonraí sonracha maidir le rátaí féideartha éifeachtúlachta athchúrsála le haghaidh ceallraí soladstaide le linn na gcomhairliúchán.

### 3.2 Anailís JRC bunaithe ar shamhaltú éifeachtúlachta athchúrsála

Bhí easpa sonraí cainníochtúla suntasacha i réimsí áirithe san aiseolas ó pháirtithe leasmhara maidir le suirbhé an Aontais. Dá bhrí sin, rinne JRC anailís ar éifeachtúlacht athchúrsála insroichte trí úsáid a bhaint as a shamhail maidir le soláthar agus éileamh amhábhar ceallraí. Díríodh san anailís ar éifeachtúlacht athchúrsála le haghaidh ceallraí litiam, ar tugadh sprioc isteach ina leith i Rialachán (AE) 2023/1542, agus a bhféadfaí a mheas go bhfuil measúnú thar a bheith ábhartha ina leith, ós rud é go bhfuil an tionscal athchúrsála ag céim forbartha sách luath sa réimse sin.

Chinn JRC na meánrátaí éifeachtúlachta athchúrsála a baineadh amach trí úsáid a bhaint as na trí shamhail ríofa seo a leanas.

1. **Gan aon chodán a eisiamh:** níor eisíodh aon chodán ionchuir ná aon chodán aschuir ó na ríomhanna.
2. **Ocsaigin a eisiamh:** eisíodh ocsaigin ó na codáin ionchuir agus aschuir a úsáideadh sna ríomhanna, agus measadh graifít agus tuaslagóirí a bheith aisghafa.

[11] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/606 ón gCoimisiún an 21 Márta 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tríd an modheolaíocht a bhunú chun rátaí éifeachtúlachta athchúrsála agus aisghabhála ábhar ó cheallraí dramhaíola a ríomh agus a fhíorú, agus formáid na doiciméadachta a bhunú.

[12] Measúnú teicniúil JRC i ndáil le hAirteagal 71(5) den Rialachán maidir le Ceallraí, 2026, Roinn 3.1. Anailís ar leibhéil reatha spriocanna maidir le fuinnimh in-athnuaite le haghaidh ceallraí litiam.


3. **Ocsaigin, tuaslagóirí agus graifít a eisiamh:** eisíodh ocsaigin, tuaslagóirí agus graifít ó na codáin ionchuir agus aschuir a úsáideadh sna ríomhanna. De réir na modheolaíochta a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/606, ón 1 Eanáir 2030, ní bheifear in ann tuaslagóirí agus graifít (agus, ar bhonn níos ginearálta, codáin charbóin) a eisiamh a thuilleadh ó na ríomhanna.

I bh**Fíor 1** tugtar forléargas ginearálta bunaithe ar an toimhde go bhfuil an t-ionchur san athchúrsáil ionadaíoch do cheallraí dramhaíola a bhailítear san Aontas agus cumhdaítear leis gach feidhm agus gach ceimic. Is féidir na barúlacha seo a leanas a thabhairt.

- Mura n-eisiatar aon chodán ó na ríomhanna (**samhail ríofa 1: gan aon eisiamh**), bheadh sé an-deacair an sprioc a bhaint amach i gcás na gceallraí litiam uile, mura n-aisghabhtar codáin bhreise (e.g. graifít).
- Má chuirtear aisghabháil graifíte agus tuaslagóirí chun feidhme de réir a chéile i bpróisis athchúrsála agus má chomhcheanglaítear é sin le heisiamh ocsaigine ó na ríomhanna (**samhail ríofa 2: aisghabháil graifíte agus tuaslagóirí – eisiamh ocsaigine**), i gcás ceallraí litiam, d'fhéadfadh sé nach mbainfí na spriocanna amach fós faoi 2025, ós rud é go n-áirítear graifít agus tuaslagóirí san ionchur a fhaightear ach nach ndéantar iad a athchúrsáil go fóill ar ráta sách ard sa chleachtas[13]. Os a choinne sin, faoi 2030, nuair a ghlacfar leis gur shroich an ráta aisghabhála graifíte agus tuaslagóirí 50 %, beidh an sprioc 70 % maidir le héifeachtúlacht athchúrsála ceallraí litiam bainte amach freisin.
- Ar deireadh, gan graifít, ocsaigin agus tuaslagóirí a áireamh sa ríomh (**samhail ríofa 3: eisiamh graifíte, ocsaigine agus tuaslagóirí**), d'fhéadfaí spriocanna 2025 agus 2030 le haghaidh ceallraí litiam a bhaint amach.

[13]Sin é an fáth a gceadaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/606 na substaintí sin a eisiamh ó ríomhanna na rátaí éifeachtúlachta athchúrsála go dtí an 31 Nollaig 2029 ar a laghad.

**Fíor 1.** Meánéifeachtúlacht ualaithe athchúrsála is féidir a fháil le haghaidh ceallraí litiam-bhunaithe trí úsáid a bhaint as trí mhodh ríofa éagsúla, i gcomparáid leis na spriocanna le haghaidh 2025 agus 2030




*Foinse: Ríomhanna JRC féin. (© an tAontas Eorpach, 2026)*

Tá teorainneacha ag baint leis an anailís sin. Tá sé bunaithe ar shamhaltú réamhbhreathnaitheach JRC, a bhraitheann ar thoimhdí agus ar mheastacháin, cé go bhfuil forbairt tacair sonraí stóinseach ann a nuashonraítear go bliantúil mar bhonn taca leis, mar is amhlaidh i gcás aon ghníomhaíocht samhaltaithe. Na ceallraí dramhaíola atá ar fáil lena n-athchúrsáil, rinneadh a gcomhdhéanamh a mheas ar bhonn sonraí stairiúla agus sonraí a bhfuil coinne leo maidir leis na cineálacha ceallraí a úsáidtear i bhfeidhmeanna ábhartha (e.g. feithiclí leictreacha, modhanna tionsclaíocha, modhanna éadroma iompair, inaistrithe) agus a saintréithe (saolré agus ceimic den chuid is mó), agus úsáid á baint as dáileadh staidrimh (Weibull). Is amhlaidh atá i gcás na rátaí bailithe stairiúla agus na rátaí a bhfuil coinne leo le haghaidh na gceallraí éagsúla. Fuarthas na sonraí ó litríocht eolaíoch, ó thuarascálacha, ó sholáthraithe sonraí príobháideacha agus go díreach ó athchúrsálaithe ceallraí. An éifeachtúlacht athchúrsála a bhfuil coinne léi i bhFíor 1, is léiriú í ar mheán ualaithe bunaithe ar chomhdhéanamh ionchasach an ionchuir ábhair san athchúrsáil agus an éifeachtúlacht athchúrsála i gcás na gcineálacha éagsúla feidhmeanna agus ceimicí, arna soláthar ag athchúrsálaithe[14].

### 3.3 Torthaí na hanailíse

Cé go bhféadfadh sé a bheith deacair na spriocanna a bhaint amach i gcásanna áirithe, léirítear san anailís go gceadaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/606 d'athchúrsálaithe teorainneacha a n-ionchuir a mhaolú trí chodáin nach n-aisghabhtar ó ríomh a ráta

[14]Orefice, M., Manni, F.M., Pierri, E., Bobba, S., Gaudillat, P., Vaccari, M., Mathieux, F., 2024. Moltaí teicniúla maidir leis na rialacha chun rátaí éifeachtúlachta athchúrsála agus aisghabhála ábhar ó cheallraí dramhaíola a ríomh agus a fhíorú. https://doi.org/10.2760/9393862.

éifeachtúlachta athchúrsála a eisiamh go sealadach. Cuireann sé sin ar a gcumas dóibh na spriocanna le haghaidh ceallraí litiam a bhaint amach agus a shárú fiú go dtí an 31 Nollaig 2029. Tar éis an 1 Eanáir 2030, beidh athchúrsálaithe fós in ann ocsaigin, clóirín agus sulfar a eisiamh. Mar sin féin, ní mór graifít, iarann agus fosfar a áireamh sna ríomhanna, rud a sholáthróidh dreasacht bhreise chun na hábhair sin a athchúrsáil.

Is é conclúid na hanailíse nach gá athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna le haghaidh ceallraí litiam, mar níor shainaithin aon sonraí ná aon fhaisnéis ó shuirbhé an Aontais ná ó thuarascáil JRC[15] athruithe suntasacha i dtéarmaí fhorbairt an mhargaidh ná dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a thabharfadh údar le hathbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna éifeachtúlachta athchúrsála atá ann faoi láthair le haghaidh ceallraí litiam. Ní gá athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna le haghaidh ceallraí luaidhe-aigéadacha, nicile-caidmiam agus ceallraí eile ach oiread, toisc gur tháinig torthaí comhchosúla as an anailís.

# 4. MEASÚNÚ AR NA SPRIOCANNA MAIDIR LE hAISGHABHÁIL ÁBHAR I gCUID C D'IARSCRÍBHINN XII

## 4.1 Aiseolas ó pháirtithe leasmhara maidir le spriocanna le haghaidh aisghabháil ábhar

Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl go raibh imní orthu faoi sprioc 2031 de 95 % maidir le nicil agus cóbalt, sprioc a mheas siad a bheith gar don teorainn theicniúil, go háirithe i gcás próisis leanúnacha ar mhórscála.

Tugadh le fios sna freagraí ar shuirbhé an Aontais nach raibh ach fíorbheagán athchúrsálaithe in ann litiam a aisghabháil ó cheallraí ag deireadh 2025, cé go bhfuil coinne leis go dtabharfar próisis nua aisghabhála litiam isteach sna blianta amach romhainn. D'fhéadfadh an easpa aiseolais maidir leis na spriocanna ó fhormhór na bpáirtithe leasmhara a thabhairt le fios nach bhfuil aon fhadhb ar leith ann maidir leis na spriocanna atá ann faoi láthair agus go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil athchúrsálaithe muiníneach, cé go bhfuil siad faoi bhrú, go mbainfidh siad na spriocanna amach in am. Thug roinnt páirtithe leasmhara le fios go bhféadfadh an méadú ar na spriocanna litiam ó 50 % in 2027 go 80 % in 2031 a bheith róghéar. Os a choinne sin, mhol líon beag páirtithe leasmhara go bhféadfadh na spriocanna litiam a bheith níos uaillmhianaí. Mar sin féin, níor chuir siad moltaí cainníochtúla ná fianaise shoiléir ar fáil chun údar a thabhairt le méadú.

Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl go raibh imní orthu go bhféadfadh sé nach mbeadh gnólachtaí nuathionscanta agus oibreoirí a úsáideann próisis nua in ann na spriocanna a bhaint amach. Thug siad dá n-aire go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag na hoibreoirí sin a bpróisis a rialú sna chéad 3 bliana, agus chuir siad in iúl go bhfuil monarchana á bhforbairt sula ndéanfar rátaí aisghabhála ábhair a bharrfheabhsú.

## 4.2 Anailís JRC bunaithe ar shamhaltú na haisghabhála litiam

[15] Measúnú teicniúil JRC i ndáil le hAirteagal 71(5) den Rialachán maidir le Ceallraí, 2026.

I bhfianaise fhás tapa an mhargaidh ceallraí, meastar gur toisc ábhartha í infhaighteacht ábhair chun imscrúdú a dhéanamh uirthi Tá litiam in-aisghabhála go teicniúil ag rátaí arda, ach san Aontas tá go leor próiseas ag céim phíolótach faoi láthair. Thairis sin, níl aon bharainneacht scála ann, agus maíonn roinnt athchúrsálaithe nach leor an tslándáil infheistíochta is gá chun uas-scálú a dhéanamh. Is féidir é sin a nascadh go páirteach leis an gcostas athchúrsála níos airde san Aontas i gcomparáid le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad (e.g. costas fuinnimh agus saothair).

Na spriocanna maidir le haisghabháil litiam, is iad na spriocanna amháin a d'fhéadfadh a fhágáil go bhféadfaí iad a choigeartú fós. Dá n-ardófaí iad, d'fhéadfaí rannchuidiú go mór le hinfhaighteacht litiam san Aontas.


Rinne JRC measúnú ar na héifeachtaí a bheadh ag ardú nó ísliú na spriocanna maidir le haisghabháil litiam ar sholáthar foriomlán litiam an Aontais.

Breithníodh na trí chás seo a leanas chun meastachán a dhéanamh ar an soláthar litiam tánaisteach iomlán a d'fhéadfadh a bheith ann:

1. bunchás athchúrsála, lena ngabhann spriocanna 50 % maidir le haisghabháil litiam le haghaidh 2027 agus 80 % le haghaidh 2031;
2. ardchás athchúrsála, lena ngabhann méadú 10 bpointe céatadáin ar na spriocanna maidir le haisghabháil litiam, i.e. ó 50 % go 60 % le haghaidh 2027 agus ó 80 % go 90 % le haghaidh 2031;
3. ísealchás athchúrsála, lena ngabhann laghdú 10 bpointe céatadáin ar na spriocanna maidir le haisghabháil litiam, i.e. ó 50 % go 40 % le haghaidh 2027 agus ó 80 % go 70 % le haghaidh 2031.

Mar a léirítear i **bhFíor 2**, nuair is é 50 % an sprioc maidir le haisghabháil litiam le haghaidh 2027 agus 80 % le haghaidh 2035, meastar go bhfreastalóidh soláthar príomhúil agus tánaisteach litiam ón Aontas ar 18 % d'éileamh iomlán an Aontais in 2027, ag ardú go 39 % in 2031 agus 42 % in 2035. An éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag ardú nó ísliú na spriocanna, bheadh sí idir ± 2 phointe céatadáin in 2027 agus ± 3 phointe céatadáin in 2035.

**Fíor 2.** Soláthar iomlán litiam an Aontais, mar shuim an táirgthe phríomhúil agus an táirgthe thánaistigh ó cheallraí dramhaíola agus ó dhramhaíl mhonaraíochta, thar éileamh iomlán an Aontais ar litiam i gceallraí litiam a chuirtear ar mhargadh an Aontais, gan an acmhainneacht chóireála a chur san áireamh




San íomhá thuas, 100 % is ea éileamh iomlán an Aontais ar litiam i gceallraí.

*Foinse: Ríomhanna JRC féin. (© an tAontas Eorpach, 2026)*

San anailís, cé go dtiocfadh méadú nó laghdú ar an soláthar mar thoradh ar choigeartú ar an sprioc, léirítear go mbeadh an tionchar i dtéarmaí infhaighteacht na n-ábhar chun freastal ar éileamh an Aontais sách teoranta. An dúshlán atá le sárú ag an Aontas, is mó an bhaint atá aige leis an acmhainneacht chóireála iomlán atá ar fáil san Aontas ná le héifeachtúlacht monarchana cóireála aonair.

Tá teorainneacha ag baint leis an anailís sin. Tá sé bunaithe ar shamhaltú réamhbhreathnaitheach JRC, a bhraitheann ar thoimhdí agus ar mheastacháin, cé go bhfuil forbairt tacair sonraí stóinseach ann a nuashonraítear go bliantúil mar bhonn taca leis, mar is amhlaidh i gcás aon ghníomhaíocht samhaltaithe. San anailís sin, úsáideadh an cur chuige samhaltaithe a dtugtar tuairisc air i Roinn 3.2, ach i gcás na rátaí aisghabhála rinneadh an anailís a bheachtú a thuilleadh ar leibhéal na n-ábhar. Dá bhrí sin, b'éigean gnéithe breise, amhail an déine ábhair a bhaineann go sonrach le gach feidhm agus gach ceimic ceallraí, a chur san áireamh, agus bhí coigeartú ar na sreafaí foriomlána ceallraí a ndearnadh anailís orthu chuig an ábhar ag teastáil. Baineadh úsáid as sonraí stairiúla agus sonraí a raibh coinne leo maidir le táirgeadh amhábhar príomhúil scagtha chun an soláthar iomlán ábhair a chainníochtú. Na sonraí a úsáideadh le haghaidh paraiméadair stairiúla agus paraiméadair a bhfuil coinne leo araon, fuarthas iad ó litríocht eolaíoch, ó thuarascálacha, ó sholáthraithe sonraí príobháideacha agus go díreach ó athchúrsálaithe.

### 4.3 Torthaí na hanailíse

Sna sonraí agus san fhaisnéis ó shuirbhé an Aontais agus ó thuarascáil JRC[16], ní thugtar athruithe suntasacha le fios i dtéarmaí fhorbairt an mhargaidh ná dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a thabharfadh údar le hathbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna atá ann faoi láthair maidir le haisghabháil ábhar.

Léirítear i dtuarascáil JRC gur socraíodh sprioc 2027 maidir le haisghabháil litiam ag 50 %, ní mar gheall ar indéantacht theicniúil theoranta na bpróiseas eastósctha (ó tharla gur féidir, i bprionsabal, éifeachtúlachtaí eastósctha a fháil leis na teicneolaíochtaí athchúrsála uile a úsáidtear go coitianta), ach chun go bhféadfar forbairt mhór a dhéanamh de réir a chéile ar an teicneolaíocht, i bhfianaise an ama atá ag teastáil chun barrfheabhsú a dhéanamh agus chun aon chonstaic innealtóireachta thosaigh a shárú.

Dá n-ardófaí na spriocanna, dhéanfadh sé staid na n-athchúrsálaithe níos casta, gan aon éifeacht shuntasach ar infhaighteacht ábhar, agus d'fhéadfadh sé bac a chur ar iarrachtaí athchúrsálaithe nua tús a chur lena bpróisis athchúrsála. Os a choinne sin, d'fhéadfadh laghdú na sprice dul chun tairbhe d'athchúrsálaithe, ach d'fhéadfadh sé an bonn a bhaint de chuspóirí an gheilleagair chiorclaigh agus d'fhágfadh sé staid an tsoláthair litiam níos measa, staid atá dúshlánach cheana féin.

A mhéid a bhaineann le cóbalt, nicil, copar agus luaidhe, aisghabhann athchúrsálaithe na hábhair sin ar rátaí arda cheana féin, agus tá na spriocanna an-uaillmhianach cheana féin, agus sprioc 2031 (aisghabháil 95 % ábhar) ag druidim le teorainn an mhéid atá indéanta go teicniúil. I gcás na n-ábhar sin, dá bhrí sin, dá n-ardófaí na spriocanna, ní chuirfí ach brú breise ar athchúrsálaithe, agus bheadh tionchar teoranta aige sin ar chumas an Aontais amhábhair a sholáthar. Os a choinne sin, ní mheastar gur gá na spriocanna a ísliú, ós rud é nár sainaithníodh aon teip theicneolaíoch ná chiorclaíochta a bhaineann leis na próisis aisghabhála.

## 5. CONCLÚIDÍ

Na spriocanna atá ann faoi láthair a leagtar amach i gCodanna B agus C d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542, baineann siad cothromaíocht iomchuí amach idir uaillmhian agus indéantacht. Tacaíonn siad leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus spreagann siad nuálaíocht agus infheistíocht i réimse ríthábhachtach na hathchúrsála ceallraí gan ró-ualach a chur ar thionscal atá i mbéal forbartha agus ag fás.

A mhéid a bhaineann leis na spriocanna éifeachtúlachta athchúrsála, leis an modheolaíocht ríofa atá ann cheana faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/606, tugtar solúbthacht leordhóthanach d'athchúrsálaithe a ríomhanna a choigeartú de réir a n-ionchuir agus na spriocanna a bhaint amach trí chur chuige atá il-oiriúnach ó thaobh na teicneolaíochta de a úsáid.

Tá na spriocanna maidir le haisghabháil ábhar i gcomhréir leis an bhféidearthacht theicneolaíoch cóbalt, nicil, copar agus luaidhe a aisghabháil. I gcás litiam, maidir leis an sprioc aisghabhála 50 %, seachas í a bheith ar an sprioc uasta is féidir a bhaint amach faoi láthair ó

[16]Measúnú teicniúil JRC i ndáil le hAirteagal 71(5) den Rialachán maidir le Ceallraí, 2026.

thaobh indéantacht theicneolaíoch agus brabúsacht eacnamaíoch de, meastar go bhfuil sí cothrom go maith, toisc go dtugann sí an t-am is gá don tionscal chun próisis a bharrfheabhsú agus a uas-scálú.

Ní bheadh ach éifeacht theoranta ag ísliú na spriocanna aisghabhála ar staid fhoriomlán an tsoláthair atá ann faoi láthair ach d'fhéadfadh sé moill a chur ar na hinfheistíochtaí is gá in athchúrsáil ceallraí. Dá n-ísleofaí na spriocanna éifeachtúlachta athchúrsála, dhíspreagfaí an tionscal ó infheistíocht a dhéanamh san fhorbairt agus sa nuálaíocht agus ní mhéadófaí iomaíochas thionscal athchúrsála an Aontais. Bheadh feidhm ag aon laghdú ar spriocanna freisin maidir le hathchúrsáil i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad de réir Airteagal 72(3) de Rialachán (AE) 2023/1542.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh laghdú na spriocanna an bonn a bhaint de bhaint amach chuspóirí an gheilleagair chiorclaigh, go háirithe i ndáil le hamhábhair chriticiúla agus uathriail straitéiseach an Aontais i ndomhan arb é is príomhthréith dó éiginnteacht mhéadaitheach maidir le trádáil dhomhanda agus rochtain shlán ar amhábhair chriticiúla agus straitéiseacha.

Ní bheadh ach éifeacht theoranta ag ardú na spriocanna ar staid fhoriomlán an tsoláthair atá ann faoi láthair, agus san am céanna d'fhéadfaí brú breise a chur ar athchúrsálaithe an Aontais gan a áirithiú go bhféadfaí na hathruithe is gá a dhéanamh san amlíne ghearr is gá, fiú le hiarracht leanúnach chun feabhas a chur ar chúrsaí agus ar an tionchar a mheastar a bheidh ag infheistíochtaí leanúnacha.

Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar amhábhair chriticiúla, tá rúid gheopholaitiúil á brú chun cinn maidir le rochtain ar acmhainní. Le blianta beaga anuas, ghlac roinnt tíortha nach Ballstáit den Aontas iad sraith beart rialaithe onnmhairiúcháin lena gcumhdaítear amhábhair chriticiúla agus táirgí deiridh amhail ceallraí.

Dá gcoinneofaí na spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar ar bun ar na leibhéil atá acu faoi láthair, thacófaí le cuspóirí phlean gníomhaíochta RESourceEU a bhaint amach, lena n-áirítear trí chuidiú leis an Aontas a spleáchas ar thír thionscnaimh aonair a laghdú idir 30 % agus 50 % faoi 2029 le haghaidh slabhraí luacha amhábhar a bhaineann le ceallraí. Dá gcoinneofaí na spriocanna gan athrú, chomhlánófaí gníomhaíocht maidir le hamhábhair phríomhúla freisin trí rannchuidiú fóinteach leis an ngeilleagar ciorclach agus le hearnáil na n-amhábhar tánaisteach.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí uile atá ar fáil maidir le forbairtí margaidh, go háirithe maidir le tionchar na dteicneolaíochtaí ceallraí ar an gcineál ábhar a aisghabhtar agus ar infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta cóbailt, copair, luaidhe, litiam nó nicile nó ar an easpa infhaighteachta sin, agus dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch á chur san áireamh, ní mheastar gurb iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar a leagtar amach i gCodanna B agus C d'Iarscríbhinn XII.

Ar bhonn an mheasúnaithe sin, ní fheiceann an Coimisiún aon fhoras chun gníomh tarmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 71(5) de Rialachán (AE) 2023/1542 chun na spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar a leagtar amach i gCodanna B agus C d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542 a leasú.

Mar sin féin, moltar faireachán leanúnach a dhéanamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn eolaíoch agus ar fhorbairtí margaidh, mar a cheanglaítear le hAirteagal 71(5), ina luaitear nach mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar gach 5 bliana ar a laghad. Dá bhrí sin, tá an chéad mheasúnú eile le déanamh faoin 18 Lúnasa 2031 ar a dhéanaí.